inniu, amárach, le chéile




RTÉ

# Meáin Ghaeilge RTÉ | Plean Gníomhaíochta 2015-2019

# CLÁR AN ÁBHAIR


| | | |
|---|---|---|
| **Cúlra** | | **1** |
| **Meáin Ghaeilge RTÉ** | | **2** |
| **Meáin Ghaeilge- Fís agus Misean** | | **3** |
| **Meáin Ghaeilge RTÉ – Spriocanna** | | **4** |
| **Meáin Ghaeilge RTÉ – Plean Gníomhaíochta** | | **7** |
| Sprioc 1: | An Ghaeilge a bheith fite fuaite i ngach a ndéanaimid in RTÉ | 7 |
| Sprioc 2: | A bheith ar an bpríomhionad ó thaobh na nuálaíochta in ábhar Gaeilge | 10 |
| Sprioc 3: | Timpeallacht bhríomhar a chothú inar féidir ábhar Gaeilge a chruthú, an tairbhe is fearr a bhaint as cumas, éirim agus samhlaíocht na mball foirne a bhfuil Gaeilge acu | 13 |
| **An Comhthéacs Straitéiseach** | | **14** |
| Tuarascáil Ghrúpa Oibre RTÉ ar an nGaeilge 2014 | | 14 |
| Raidió | | 14 |
| Nuacht RTÉ | | 14 |
| Teilifís | | 15 |
| Tuairimí an Lucht Féachana agus Éisteachta | | 16 |
| Dualgais Reachtúla agus Rialála | | 16 |
| Cúrsaí Foirne, Córais agus Maoinithe | | 17 |

# CÚLRA

I Márta 2014, d'fhoilsigh RTÉ tuarascáil ón nGrúpa Oibre maidir leis an nGaeilge. Chuir Príomh-Stiúrthóir RTÉ an grúpa sin ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge RTÉ agus chun creat polasaí a chur ar fáil. Leagtar amach sa tuarascáil croíluachana agus croíphrionsabail RTÉ i ndáil leis an teanga, chomh maith le moltaí maidir lena bhféadfadh an eagraíocht a dhéanamh.

Chun a chinntiú go ndéanfaí beart de réir na tuarascála agus na moltaí atá inti, bhí ceapachán Grúpcheannasaí Gaeilge ar cheann de na moltaí ba thúisce a cuireadh i bhfeidhm. B'é sin an chéad uair riamh ó bunaíodh RTÉ a ceapadh aon duine le béim lárnach ilardáin ar sheirbhísí Gaeilge RTÉ ar fad.

Is é ról an Ghrúpcheannasaí Gaeilge a chinntiú go mbeidh cur chuige dúthrachtach, comhleanúnach agus cruthaitheach ag RTÉ i leith na Gaeilge , go dtiocaimid i dtír ar an dea-thoil atá go náisiúnta i leith na teanga, agus ag an am céanna, go gcomhlíonfaimid na dualgais agus na freagrachtaí a leagtar orainn maidir le seirbhís phoiblí a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann.

Moltar freisin i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre go ndéanfadh RTÉ "a fhís pholasaí agus a spriocanna uileghabhálacha i leith na Gaeilge a chur in iúl an athuair. Ní mór freisin a bheith soiléir maidir le conas a dhéanfar maoiniú ar an bhfís agus ar na spriocanna sin, agus conas a léireofar iad ó am go ham san aschur".

Is é cuspóir na cáipéise seo go leagfaí amach go soiléir an aisling agus na spriocanna maidir le Meáin Ghaeilge RTÉ go ceann cúig bliana agus go luafaí go sonrach na bealaí a dtabharfar an aisling sin i gcrích.

> *Is acmhainn bhunúsach é an craoltóir do chainteoirí Gaeilge agus dóibh siúd ar mian leo an teanga a fhoghlaim – cuireann sé pobal láithreach ar fáil, chun dul i ngleic leis an teanga agus le ceisteanna a bhaineann leis an bpobal sin. Cuireann sé eagar ar chleachtas na ndaoine atá ag foghlaim nó fiú ag athfhoghlaim na teanga; cuireann sé ar a gcumas dul i dteagmháil le pobal na Gaeilge, fiú agus iad i bhfad ón bpobal sin.*
>
> **Micheál D. Ó hUigínn**
> Uachtarán na hÉireann

# MEÁIN GHAEILGE RTÉ[1]

Is iomaí rud í an Ghaeilge in Éirinn. Is í teanga bheo an phobail í sa Ghaeltacht. Is í teanga chlós na scoile í sna céadta Gaelscoil ar fud na tíre. Is teanga í le labhairt thar lear ionas gur tréine an ceangal leis an mbaile. Is údar oilc ag roinnt daoine í. Níl inti ag daoine eile ach cló iodálach ar chomharthaí.

Ina ainneoin sin uilig, is rud tairbheach an Ghaeilge ag an gcuid is mó de mhuintir na hÉireann. Tá sí ar cheann de na tréithe is bunúsaí a dhealaíonn Éire na nÉireannach ó thíortha eile. Is inti atá léiriú agus míniú maidir lenár gcuid logainmneacha agus sloinnte, maidir lenár bhféiniúlacht chultúrtha. Deis muid féin a chur in iúl ar bhealach éagsúil i saol mór domhanda atá ag teacht níos mó agus níos mó faoi scáth aon teanga amháin.

Ní hamháin gur cuid d'oidhreacht agus de chultúr na tíre an teanga, is gnáthchuid den saol ó thús go deireadh an lae í ag na mílte daoine in Éirinn. Is cuid lárnach den dualgas a leagtar ar RTÉ léiriú a thabhairt ar shaol na hÉireann trí sheirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge - is féidir linn féachaint uirthi mar dhualgas a chaithfear a chomhlíonadh, nó mar dheis le tapú.

Tá an Ghaeilge ar cheann de na tréithe sainiúla a bhaineann le RTÉ. Tá sí ar cheann de na gnéithe a idirdhealaíonn RTÉ ó na seirbhísí a mbítear in iomaíocht leo maidir le lucht féachana agus éisteachta, ní hamháin i measc seirbhísí tráchtála raidió agus teilifíse in Éirinn féin, ach i measc na scórtha branda ilnáisiúnta atá i mbun iomaíochta le meáin chumarsáide in Éirinn.

Deis eile í an Ghaeilge ó thaobh meon dearfach i leith an bhranda, go háirithe i measc na n-aoisghrúpaí óga is tábhachtaí, chomh maith le luach breise tráchtála a chruthú, mar is léir ó shaothair taighde atá déanta ag Millward Brown, IPSOS MRBI agus Forfás.

Déanann RTÉ níos mó ná €20 milliún in aghaidh na bliana a infheistiú i seirbhísí agus in ábhar clár Gaeilge. Tá athrú tagtha le himeacht aimsire maidir leis an méid a chaitear, an dream a bhfuiltear ag freastal orthu agus an bealach a ndéantar freastal orthu. Táthar sa chás anois go mbíonn an teanga, den chuid is mó, ar sheirbhísí áirithe agus ag tráthanna ama faoi leith sa sceideal. Cé gur féidir a áitiú go ndearnadh freastal maith ar an lucht éisteachta agus féachana, is léir anois, agus laghdú tagtha ar acmhainní, scaipeadh níos fánaí ag teacht ar an lucht féachana agus éisteachta agus teicneolaíocht nua ag teacht chun cinn i gcónaí, nach mór dúinn rudaí a dhéanamh ar bhealaí nua agus is féidir i gcónaí cúrsaí a fheabhsú.

Is cur chuige nua i leith na Gaeilge in RTÉ atá i gceist le Meáin Ghaeilge RTÉ, cur chuige trína bhféachtar leis an obair a dhéantar trí Ghaeilge a thabhairt amach thar thairseach rannóga gnó faoi leith agus í a bheith níos forleithne seachas í a fhágáil mar chúram orthu siúd atá fostaithe i seirbhísí Gaeilge RTÉ amháin.

Go stairiúil, d'fheidhmigh príomhsheirbhísí Gaeilge RTÉ (Raidió na Gaeltachta, Nuacht agus Cláracha Teilifíse Gaeilge) go neamhspleách ar a chéile. Is annamh a iarradh ar fhostaithe de chuid RTÉ atá in ann oibriú trí Ghaeilge, ach a oibríonn taobh amuigh de na seirbhísí seo, lámh bheith acu in ábhar Gaeilge a chruthú. Tá sé thar am teacht ar chur chuige nua.

### Cur chuige Meáin Gaeilge RTÉ

- Fócas níos fearr ar thiomantas RTÉ i leith na Gaeilge
- An t-ábhar Gaeilge ar theilifís RTÉ, raidió RTÉ agus seirbhísí digiteacha RTÉ a tharraingt le chéile
- Ceannródaíocht ó thaobh na cruthaitheachta agus na nuála sna meáin chumarsáide Ghaeilge
- Acmhainní á n-úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus seirbhísí á gcur ar fáil go héifeachtúil don lucht éisteachta agus féachana
- Níos mó deiseanna agus éagsúlacht oibre ar fáil do lucht foirne a bhfuil Gaeilge acu

I measc na ngíomhaíochtaí príomhthábhachta a leagtar amach thíos, déanfar an Ghaeilge a shníomh go nádúrtha trí na seirbhísí uile, ní hamháin le linn Sheachtain na Gaeilge ach i rith na bliana ar fad. Féachtar le seirbhís raidió Gaeilge do dhaoine óga a chruthú, ag baint leas as struchtúr scar-rogha. Den chéad uair riamh, beidh rogha agat idir tráchtaireacht i nGaeilge nó i mBéarla ar an teilifís do chluichí ceannais Chraobh na hÉireann . Beifear in ann an chéad leagan eile den seinnteoir RTÉ Player a húsáid i nGaeilge, ó thaobh nascleanúint de. Beidh lárionad barr feabhais maidir le hoiliúint sna meáin chumarsáide Ghaeilge le forbairt i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh. Fiosrófar seirbhís dhigiteach a thástáil i gcomhar le seirbhísí eile ar bhonn píolótach, ar a mbeidh an chuid is fearr de na cláracha Gaeilge ar fáil.

Ní hamháin gur cuid d'oidhreacht agus de chultúr na tíre an teanga, is gnáthchuid den saol ó thús go deireadh an lae í ag na mílte daoine in Éirinn. Is cuid lárnach den dualgas a leagtar ar RTÉ léiriú a thabhairt ar shaol na hÉireann trí sheirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge

1 Tagann seirbhísí Gaeilge uile RTÉ faoi scáth an teidil Meáin Ghaeilge

## MEÁIN GHAEILGE- AISLING AGUS MISEAN

**An dream a bhfuiltear ag freastal orthu:**
Is do gach pobal ar oileán na hÉireann Meáin Ghaeilge RTÉ agus do dhaoine a bhfuil suim acu sa Ghaeilge in Éirinn agus thar lear. Aithnítear agus déantar freastal mar a chéile ar riachtanais an chainteora líofa, an fhoghlaimeora agus an té nach gcuireann an teanga isteach ná amach air/uirthi.

**Tá uainn:**
An Ghaeilge a thabhairt isteach i ngach a ndéanann RTÉ.

**Déanfaimid:**

- An Ghaeilge a fhí isteach go réidh agus go nádúrtha i gcainéil agus i seirbhísí uile RTÉ.
- Ábhar ar ardchaighdéan a chruthú agus scéalta den scoth a insint i nGaeilge.
- Riachtanais gach lucht féachana agus éisteachta a shásamh, idir an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa.





1. An Ghaeilge a bheith fite fuaite i ngach a ndéanaimid in RTÉ.
2. A bheith ar an bpríomhionad ó thaobh na nuálaíochta sna meáin chumarsáide Gaeilge.
3. Timpeallacht bhríomhar a chothú inar féidir ábhar Gaeilge a chruthú, ag baint an tairbhe is fearr as cumas, éirim agus samhlaíocht na mball foirne a bhfuil Gaeilge acu.

**1. An Ghaeilge a bheith fite fuaite i ngach a ndéanaimid in RTÉ**

Chun an sprioc maidir leis an nGaeilge a fhí isteach i ngach a ndéanaimid in RTÉ a thabhairt i gcrích, ní mór cur chuige nua a ghlacadh. Ní mór an Ghaeilge a chur i láthair ar bhealach eile seachas mar a bhíodh á dhéanamh. In áit díriú go hiomlán ar sheirbhísí faoi leith, tosófar ar an nGaeilge a shníomh isteach ar fud na sceideal ar fad. Bainfear úsáid as na hardáin atá againn agus as an tóir atá ar ár gcuid seirbhísí chun an Ghaeilge a chur i láthair lucht féachana agus éisteachta nua agus chun áit a dhéanamh don Ghaeilge i ngnáthshaol na hÉireann.

Tugann an cur chuige cuimsitheach, comhtháite seo an teanga isteach i gcroílár bhranda RTÉ agus tá sé ag teacht leis an meon atá le reachtaíocht an chraolacháin, le straitéis 20 bliain an Rialtais i leith na Gaeilge agus le moltaí ghrúpa oibre RTÉ ar an nGaeilge.

An aidhm atá ann go mbeadh an Ghaeilge ina cuid den chomhrá ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne gach lá. Beidh an Ghaeilge fite fuaite i ngach a ndéanaimid agus le cloisteáil go nádúrtha ar ár gcuid seirbhísí.

Is é an múnla atá á cheapadh don chur chuige dátheangach seo, cumasc idir *Seachtain na Gaeilge* – a mbíonn RTÉ ina chrann seasta aici gach bliain – agus RTÉjr, ina ndéantar an Ghaeilge a shníomh isteach go nádúrtha ar fud an sceidil gach lá. Chun sin a bhaint amach, ní mór an Ghaeilge a bheith ina cuid den mheon a bhíonn againn gach lá ionas go dtabharfaidh cruthaitheoirí ábhair an Ghaeilge i gceist ó lá go lá agus go n-úsáidfear í ar bhealach a oireann ó thaobh na cruthaitheachta agus na heagarthóireachta. Ní mór, más leis seo oibriú, é a dhéanamh le macántacht agus le caointuiscint. Ní cur chuige saintreorach atá i gceist dá réir sin, ná an t-aon bhealach amháin don uile chás.

In imeacht na gcúig bliana seo romhainn, beidh an Ghaeilge níos feiceálaí agus níos suntasaí ar fud sheirbhísí RTÉ. Cuirfear leis an méid Gaeilge a chloistear ar an raidió, beidh níos mó cláracha Gaeilge agus ábhar dátheangach ar RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus RTÉ lyric fm. Cuirfidh RTÉ Raidió na Gaeltachta béim faoi leith ar an lucht éisteachta a fhairsingiú trí uilechuimsitheacht agus ábharthacht a chinntiú de réir mar a thagann athrú ar nósanna éisteachta raidió.

Tiocfaidh an Ghaeilge chun cinn níos mó ar an teilifís trí chur chuige dátheangach maidir le láithreachas, réamhfhógráin agus an aimsir, chomh maith le cur chuige nua maidir le cláracha teilifíse trí Ghaeilge. Beidh níos mó Gaeilge in ábhar nuachta agus in ábhar spóirt againn, ar líne agus ar an aer.

Is é an toradh a bheidh air seo, pacáiste comhtháite uileghabhálach d'ábhar Gaeilge á shníomh isteach sa sceideal laethúil, ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne.

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Gaolmhara:
I measc na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an nGaeilge a fhí isteach i ngach a ndéanaimid in RTÉ, cuirfear le méid na Gaeilge ar an teilifís trí rannóg na gCláracha Gaeilge a chur ar ais ar bhonn lánaimseartha, agus Gaeilge a úsáid i mblaisíní réamhfhógraíochta teilifíse, sa láithreachas agus i bhfeasacháin na haimsire.

Cuirfear cur chuige Sheachtain na Gaeilge in úsáid maidir le Gaeilge a shníomh isteach i ngach a ndéanaimid ar fud na heagraíochta ar fad, raidió agus teilifís, digiteach agus imeachtaí agus ábhar bolscaireachta a bhaineann le RTÉ.

Beidh breis Gaeilge ar an raidió, le hardú suntasach ar an ábhar nuachta i nGaeilge ar RTÉ 2fm agus na seirbhísí raidió ar fad ag baint breis úsáide as an nGaeilge in ábhar clár, i gcúrsaí láithreachais agus sna réamhfhógráin.

Beidh suíomh idirlín nua Gaeilge ann mar phointe lárnach maidir le haschur digiteach. Freisin beidh ábhar i nGaeilge le scaipeadh ar fud na seirbhísí ar líne atá ar bun cheana féin. Beidh deis córas nascleanúna Gaeilge a roghnú leis an gcéad leagan eile den seinnteoir RTÉ Player.

Tabharfar spreagadh agus cúnamh do lucht fógraíochta agus do ghníomhaireachtaí maidir le fógraí i nGaeilge a chur ar fáil ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne.

**2. A bheith ar an bpríomhionad ó thaobh na nuálachta in ábhar Gaeilge**

Nuair atá beagnach 1.8 milliún duine in Éirinn a áitíonn go bhfuil cumas de chineál éigin acu sa Ghaeilge (ardú 20% ón mbliain 1996) agus nuair is léir ó shaothar taighde go bhfuil 93% atá fabhrach i leith na teanga, tá sé in am athrú a dhéanamh ar an meon a athrú gur beag éilimh ná spéis atá san ábhar a chuirfí ar fáil i nGaeilge nó gur cheart go mbeadh an t-ábhar sin ag díriú ar réimse áirithe thar a chéile. Táthar ag féachaint le hábhar nua teilifíse agus raidió a chruthú, ní le hábhar a chruthú ar mhaithe lena bheith i nGaeilge, ach ar mhaithe le hábhar teilifíse agus raidió den scoth a chur ar fáil, beag beann ar an teanga.

Déanfar sin trí riachtanais agus mianta a mheas, trí chaidreamh a chothú agus oibriú i gcomhar leis na príomheagraíochtaí Gaeilge, le ranna rialtais agus le forais tríú leibhéil. Tá deis againn ábhar a léiriú trí Ghaeilge, ní ar mhaithe leis sin amháin, ní mar gheall ar an reachtaíocht, ná mar gheall go mbítear ag súil lena leithéid uainn, ach chun sárshaothair teilifíse, sárábhar raidió agus sárlón ar líne a chruthú - a dtarlaíonn é a bheith i nGaeilge.

Is féidir le Meáin Ghaeilge RTÉ a bheith ina spreagadh samhlaíochta in RTÉ, ina spás inar féidir triail a bhaint as smaoineamh, inar féidir dul sa seans agus san fhiontar, agus inar féidir dá thoradh sin feabhas a chur ar rudaí, trí bhéim a chur ar an nuáil, ar an gcruthaíocht agus ar bheith ag baint triail as rudaí nua. Ní mór dul i ngleic le tuairim an lucht féachana go bhfuil cuma seanchaite ar chláracha Gaeilge agus tabhairt faoi théamaí agus stíleanna nua a thapú a mbeadh níos mó den dul chun cinn agus dearcadh eagarthóireachta níos nuaí ag baint leo. Is féidir linn daoine éagsúla, smaointe úra agus comhpháirtithe nua a tharraingt isteach trí réimse níos fairsinge a bheith i gceist leis an dearcadh eagarthóireachta.. Cíorfar smaointe maidir le formáidí a bhaineann le réimsí éagsúla, stíleanna maireachtála, na healaíona, spórt agus siamsaíocht.

Tabharfar go gníomhach faoi mhaoiniú a lorg faoi Scéim Fuaime agus Físe Údarás Craolacháin na hÉireann agus faoi Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann chomh maith le deiseanna a lorg maidir le maoiniú ó lucht fógraíochta do Chláracha Gaeilge. Beidh saothar Gaeilge RTÉ níos feiceálaí ag comórtais agus ag féilte na meán cumarsáide.

Chomh maith le breis ábhar a chur ar fáil i nGaeilge, is cuid lárnach de straitéis RTÉ i leith na Gaeilge sin a dhéanamh ar ardchaighdeán agus le nuáil.

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Gaolmhara:
I measc na nithe nuálacha atá beartaithe sa straitéis cúig bliana, féachfar le seirbhís nua raidió Gaeilge dírithe ar dhaoine óga a chruthú trí chóras scar-rogha, trí leas a bhaint as córas tarchuradóireachta náisiúnta RnaG agus as saineolas 2fm ar cheol na linne seo. I mí Mheán Fómhair na bliana seo, déanfar tástáil phíolótach ar rogha a thabhairt idir tráchtaireacht i nGaeilge nó i mBéarla ar chluichí ceannais Chraobh na hÉireann ar an teilifís, agus féachaint chuig seirbhís mar sin a chur ar fáil de réir a chéile i réimse chraoltóireacht teilifíse na gcluichí Gaelacha. Breathnófar ar sheirbhís dhigiteach a thástáil ar bhonn píolótach le craoltóirí Ceilteacha eile, ag tabhairt riachtanais rialála san áireamh.

Sa réimse digiteach, cruthófar ábhar nuálach d'fhoghlaimeoirí teanga, idir aip agus cúrsa saindeartha ag lucht ollscoile don tosaitheoir, agus cúrsa píolótach sna meáin ar líne do dhaltaí na hidirbhliana.

**3. Timpeallacht bhríomhar a chothú inar féidir ábhar Gaeilge a chruthú, an tairbhe is fearr a bhaint as cumas, éirim agus samhlaíocht na mball foirne a bhfuil Gaeilge acu**

Mar gheall ar imeacht lucht foirne le cúig nó deich de bhlianta anuas, is lú anois líon na ndaoine in RTÉ a bhfuil ar a gcumas oibriú trí Ghaeilge. Ní féidir an chuspóir maidir le méadú ar an ábhar Gaeilge a chuirtear ar fáil a thabhairt i gcrích gan cumas dhaoine ar fud RTÉ a thapú agus leas a bhaint as an dea-thoil don teanga is léir a bheith i measc chuid mhór de lucht na foirne. Trí dheiseanna ilardáin a chruthú - ionas gur féidir le daoine den fhoireann athrú go dtí réimsí eile ag obair ar thionscadail agus oibriú ar iasacht ar bhealach solúbtha - is féidir an leas is fearr a bhaint as buanna na heagraíochta, an fhoireann a thabhairt le chéile i mbun foghlama, i mbun feabhsú scileanna agus i mbun leathnú taithí agus deiseanna a chur ar fáil i réimse beo, bríomhar, meanmnach.

Leagtar amach i Straitéis RTÉ 2013-2017 ceithre réimse cumais atá ina spreagadh maidir le Meáin Ghaeilge a thabhairt chun cinn in RTÉ:

CEITHRE RÉIMSE CUMAIS ATÁ INA SPREAGADH MAIDIR LE MEÁIN GHAEILGE A THABHAIRT CHUN CINN IN RTÉ.




Is trí chomhoibriú agus obair foirne a dhéanfar caighdeáin a fheabhsú agus cur leis an ábhar Gaeilge. Ní mór an comhoibriú sin a bheith ar siúl ar fud na seirbhísí Gaeilge ar fad, mar a bhfuil baill foirne leis na scileanna agus an cumas is gá agus trí na deiseanna céanna a thairiscint do dhaoine le Gaeilge ach nach le hábhar Gaeilge atá siad ag obair faoi láthair. Trí dhaoine nua a thabhairt isteach ag obair le Meáin Ghaeilge RTÉ, tá rún againn réimse solúbtha, ildánach, spreagúil a chruthú ina mbeidh an tsamhlaíocht, an fhoghlaim agus an fiontar á gcothú, ionas gur féidir le Meáin Ghaeilge RTÉ a theacht chun cinn mar bhorradh ceannródaíoch in athrú cruthaitheach agus cultúir in RTÉ.

Ionas gur féidir sin a dhéanamh, ní mór dúinn cur leis an acmhainn Gaeilge ar fud RTÉ le hoiliúint, le córais taca, le cúrsaí neamhfhoirmeálta agus le deiseanna labhairt i nGaeilge. Faoi bhliain a cúig de ré an phlean seo, tá de sprioc againn ceannródaí Gaeilge a bheith ar fáil i ngach ceann de na réimsí feidhme.

I Rannóg na Teilifíse, ní raibh sé de nós ag Cláracha Gaeilge láithreoirí a bheith ar aghaidh an cheamara. I rith na mblianta seo romhainn, féachfar le buntáiste a bhaint as deiseanna a bheidh ag cainteoirí líofa oibriú ar fud na ngrád agus aistriú i bhfad níos furasta idir an Teilifís agus an Raidió. Fágann ísliú ar leibhéal na foirne agus na deiseanna ó thaobh na teicneolaíochta gur gá an múnla léiriúcháin atá i bhfeidhm a athrú ó chóras atá bunaithe ar líon foirne go dtí córas atá bunaithe ar scileanna.

Sa chomhthéacs sin, is féidir féachaint ar an gcailliúint lucht foirne le Gaeilge le cúig nó deich de bhlianta mar dheis bonn a chur faoi chultúr oibre nua i seirbhísí Gaeilge RTÉ agus i measc dhaoine le Gaeilge ar fhoireann RTÉ.

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Gaolmhara:

Tá go leor de na daoine is cumasaí agus is éirimiúla atá ag obair sna meáin chumarsáide Ghaeilge fostaithe ag RTÉ cheana féin.

Féachfar le forbairt bhreise a dhéanamh air sin agus cumas na foirne a thapú trí dheiseanna ilardáin a chruthú do na baill foirne sin a bhfuil Gaeilge acu agus ar mian leo leas a bhaint astu. Buntáiste a bheidh ann eolas a bheith agat ar an nGaeilge i gcás ceapacháin áirithe chuí agus leagfar síos d'aidhm leis an straitéis go mbeadh ar a laghad aon bhall foirne amháin i ngach réimse den eagraíocht inniúil ar oibriú go saor sa dá theanga.

Ó thaobh oiliúna, féachfar le lárionad barr feabhais maidir le hoiliúint sna meáin chumarsáide Ghaeilge a fhorbairt trí shocrú foirmeálta ina leith sin le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, agus déanfar clár oiliúna Gaeilge a fhorbairt don fhoireann, ar gach leibhéal cumais.

### Sprioc 1: An Ghaeilge a bheith fite fuaite i ngach a ndéanaimid in RTÉ

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| **Teilifís** | **Cur leis an méid Gaeilge a bhíonn ar sheirbhísí teilifíse RTÉ** | | | |
| | Déanfar athstruchtúrú ar Rannóg na gClár Gaeilge ionas go mbeidh sí ina rannóg lánaimseartha seachas páirtaimseartha | | X | agus ar lean |
| | Leithroinnfear buiséad sonrach ar Chláracha Gaeilge maidir le tionscada(i)l teilifíse Gaeilge neamhspleách(a) | X | agus ar lean | |
| | Tabharfaidh Teilifís RTÉ tiomantas iarratais a dhéanamh, i gcomhar leis an earnáil neamhspleách, faoi bhabhtaí Scéim Fuaime agus Físe an BAI do thionscadail éagsúla Gaeilge ar RTÉ One agus ar RTÉ2, chomh maith le maoiniú a lorg faoi scéimeanna eile, mar shampla an Ciste Craoltóireachta Gaeilge | X | agus ar lean | |
| | Úsáidfear meascán den Ghaeilge agus den Bhéarla i bhfógraí leanúnachais, sonrófar ábhar áirithe a ndéanfar ceangal leis i gcónaí as Gaeilge (e.g. ábhar maidir leis an gCumann Lúthchleas Gael) agus tógfar struchtúr timpeall ar naisc eile i gcomhar le leanúnachas teilifíse agus raidió | X | agus ar lean | |
| | Úsáidfear an Ghaeilge i réamhfhógráin agus i ngníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta maidir le cláracha Gaeilge, i mblaisíní corparáideacha agus i mblaisíní a dtarlódh an Ghaeilge go nádúrtha iontu | X | agus ar lean | |
| | Spreagfaidh RTÉ2 úsáid na Gaeilge ar fud na seirbhíse, go háirithe i ndáil le craoladh beo | X | agus ar lean | |
| | Cuirfear feasachán aimsire amháin in aghaidh an lae i láthair i nGaeilge amháin ar an teilifís agus tabharfar an Ghaeilge san áireamh i bhfeasacháin aimsire eile nuair is féidir | | X | agus ar lean |
| | Tabharfar spreagadh agus cúnamh do lucht fógraíochta agus do ghníomhaireachtaí maidir le fógraí i nGaeilge a chur ar fáil ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne | | X | agus ar lean |
| | Bunófar caidreamh le Ceannasaithe Seánra RTÉ maidir leis an gcur chuige chun an Ghaeilge a fhí isteach i gcláracha coimisiúnaithe agus i gcláracha atá déanta go hinmheánach<br>Socrófar spriocanna feidhmíochta KPI do gach Ceannasaí Seánra maidir le hábhar Gaeilge a bheith mar chuid den aschur ina réimse féin go sonrach | X | X | agus ar lean |
| | Leanfaidh RTÉjr air ag forbairt a chur chuige ilteangach ina chuid craoltóireachta, ag tabhairt aitheantais ina chuid cláracha don áit speisialta atá ag an nGaeilge in éiteas an stáisiúin | | X | agus ar lean |
| | Déanfaidh RTÉjr leagan Gaeilge agus leagan Béarla a choimisiúnú i gcás sraitheanna áirithe anamúlachta, ag brath ar chúrsaí maoinithe | X | agus ar lean | |

Trí dhaoine nua a thabhairt isteach ag obair le Meáin Ghaeilge RTÉ, tá rún againn réimse solúbtha, ildánach, spreagúil a chruthú ina mbeidh an tsamhlaíocht.

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| **Raidió** | **Cur leis an méid Gaeilge ar sheirbhísí raidió RTÉ** | | | |
| | Úsáidfear méid shonrach aontaithe de bhuiséad Léiriúchán Raidió Neamhspleách (IRP) RTÉ don chraoltóireacht i nGaeilge ar fud sheirbhísí raidió RTÉ | X | agus ar lean | |
| | Tabharfaidh RTÉ tiomantas iarratas a dhéanamh, i gcomhar leis an earnáil neamhspleách, faoi bhabhtaí de Scéim Fuaime agus Físe an BAI chomh maith le maoiniú a lorg faoi scéimeanna eile | X | agus ar lean | |
| | Bainfidh láithreoirí cláracha agus lucht leanúnachais úsáid as breis Gaeilge ar Radio 1, ar an múnla a bhíonn in úsáid i rith Sheachtain na Gaeilge | X | agus ar lean | |
| | Cruthófar próiseas forbartha do dhrámaíocht raidió trí Ghaeilge, le méadú ar aschur agus ar thacaíocht do chruthú ábhair | X | | |
| | Cruthófar clár Gaeilge forbarthach go hinmheánach lena chraoladh ar RTÉ Radio 1 | Forbairt | 5+ uair p.a. | 10+ uair p.a. |
| | Cruthófar agus cuirfear i bhfeidhm struchtúr a chinnteoidh clúdach ar chúrsaí ealaíon agus cultúir trí Ghaeilge ar sheirbhísí éagsúla raidió RTÉ | | X | agus ar lean |
| | Bainfidh láithreoirí cláracha agus lucht leanúnachais úsáid as breis Gaeilge ar RTÉ lyric fm, ar an múnla a bhíonn in úsáid i rith Sheachtain na Gaeilge | X | agus ar lean | |
| | Bainfear úsáid as níos mó Gaeilge sna híomhánna ar an aer agus in ábhar láithreoirí ar RTÉ 2fm | X | agus ar lean | |
| | Cuirfear le húsáid na Gaeilge ar fud RTÉ 2fm le cúig cinn d'fheasacháin dhátheangacha ar bhuille na huaire idir 07:00 agus 19:00, in ionad an dá fheasachán ar bhuille na leathuaire faoi láthair | | X | agus ar lean |
| | Cuirfear le húsáid na Gaeilge ar fud RTÉ 2fm le cumarsáid as Gaeilge idir láithreoirí agus léitheoirí nuachta tráth a mbíonn na feasacháin nua á gcur i láthair | | X | agus ar lean |
| | Cinnteofar go mbainfidh RTÉ RnaG a sprioc amach maidir le méadú ar an lucht éisteachta agus maidir le bheith ina sheirbhís ábhartha i gcónaí de réir mar a thagann athrú ar phátrúin meán cumarsáide, trí mhaoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú straitéis 3 bliana na seirbhíse | X | agus ar lean | |
| | Socrófar spriocanna KPI do gach ceannasaí rannóige de chuid RTÉ Radio 1 maidir le hábhar Gaeilge a chur san áireamh ina réimse sonrach féin | | X | agus ar lean |

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| | **Cur leis an méid Gaeilge ar Nuacht agus Spórt RTÉ** | | | |
| **Nuacht** | Tabharfar isteach ailt as Gaeilge ar fud RTÉ.ie | | X | agus ar lean |
| | Athrófar feasacháin Nuacht RTÉ ar teilifís agus ar raidió go dtí "buille na huaire" sa sceideal nuair is féidir agus nuair is cuí | X | | |
| | Spreagfar úsáid na Gaeilge le linn feasacháin nuachta (beannachtaí etc.) nuair is oiriúnach | X | agus ar lean | |
| | Féach chuig seirbhís Nuacht ar líne a fhás agus a fhorbairt | | X | |
| **Spórt** | Tabharfar an dátheangachas san áireamh sa chlúdach a dhéantar ar an gCumann Lúthchleas Gael ar raidió agus ar an teilifís | | X | agus ar lean |

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| **Digiteach** | **Ceannródaíocht a dhéanamh maidir le forbairt na Gaeilge sa spás digiteach** | | | |
| | Cruthófar ról do Chomhordaitheoir ar Ábhar Digiteach (freagracht as eagarthóireacht Gaeilge, foilsitheoireacht agus na meáin shóisialta) ionas gur féidir forbairt mhórthábhachtach a dhéanamh sa réimse digiteach | | X | X |
| | Déanfar ábhar Gaeilge a shníomh isteach ar fud tháirgí digiteacha RTÉ, idir shean agus nuabhunaithe | | X | agus ar lean |
| | Cruthófar suíomh idirlín Gaeilge beo, nuálaíoch, taobh istigh de RTÉ.ie | | X | |
| | Cuirfear córas nascleanúna Gaeilge ar fáil leis an gcéad leagan eile den seinnteoir RTÉ Player ar ardáin de chuid RTÉ | | X | |
| | Cruthófar spás sainiúil Gaeilge ar éileamh ar sheinnteoir nua RTÉ Player, ina mbeidh ábhar reatha agus ábhar cartlainne go feiceálach | | X | |
| **Teicneolaíocht** | Fiosrófar roghanna maidir le fotheidil Ghaeilge leis na hardáin éagsúla teilifíse, ag tosú le SAORVIEW | | X | |
| **Nuacht** | Tabharfar isteach feasachán nuachta Gaeilge faoi chúrsaí siamsaíochta gach lá ar RTÉ TEN | | X | |

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| **Corparáideach** | **Glacadh leis an nGaeilge mar ghné straitéiseach de shainiúlacht bhranda RTÉ** | | | |
| | Beidh an Ghaeilge ina gné bhunúsach d'imeachtaí seachtracha agus d'ábhar bolscaireachta a bhaineann le RTÉ | X | agus ar lean | |
| | Tabharfar seirbhísí Gaeilge RTÉ agus/nó tiomantas RTÉ i leith na teanga san áireamh i réamhfhógráin chorparáideacha , mar chuid d'íomhá na heagraíochta | X | agus ar lean | |
| | Cuirfear le húsáid na Gaeilge ar sheirbhís eolais inmheánach ar líne RTÉ | X | agus ar lean | |
| | Cuirfear le húsáid na Gaeilge ar chuntas @RTE Twitter agus cíorfar ábhar breise i nGaeilge i spásanna eile de chuid RTÉ ar na meáin shóisialta | X | agus ar lean | |
| | Cuirfear chun cinn ábhar Gaeilge RTÉ ar fud na n-ardán go léir ar bhealach leanúnach | X | agus ar lean | |

**Sprioc 2: A bheith ar an bpríomhionad ó thaobh na nuálachta in ábhar Gaeilge**

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| **Teilifís** | **Beocht a chur as an nua sa chur chuige maidir le hábhar teilifíse** | | | |
| | Leathnófar réimsí eagarthóireachta Chláracha Gaeilge, go hinmheánach agus go seachtrach | X | | |
| | Forbrófar léarscáil pleanála eagarthóireachta 3-5 bliana a fhorbairt maidir le Cláracha Gaeilge | X | | |
| | Lorgófar agus forbrófar tionscadail bunaithe ar fhormáidí agus ar thionscadail AFP i nGaeilge | X | agus ar lean | |
| | Lorgófar deiseanna ilardán do Chláracha Gaeilge | X | agus ar lean | |
| | Breathnófar ar sheirbhís dhigiteach a thástáil ar bhonn píolótach le craoltóirí Ceilteacha eile, ag tabhairt riachtanais rialála san áireamh | | | X |
| **Raidió** | **Beocht a chur as an nua sa chur chuige maidir le hábhar raidió** | | | |
| | Déanfaidh RTÉ 2fm albam Gaeilge, ar a mbeidh amhráin le ceoltóirí mór le rá de chuid na hÉireann, a fhorbairt agus a sheoladh | X | | |
| | Déanfaidh RTÉ 2fm amhráin Ghaeilge a thabhairt isteach go foirmeálta den chéad uair ar liosta seinnte RTÉ 2fm | X | | |
| | Cruthófar clár dátheangach dírithe ar dhaoine óga ar RTÉ 2fm uair sa tseachtain | X | agus ar lean | |
| | Déanfar seirbhís raidió nua náisiúnta ar bhonn scar-rogha, a bheidh dírithe ar dhaoine óga, a fhiosrú, ag baint leas as córas tarchuradóireachta náisiúnta RTÉ RnaG agus saineolas RTÉ 2fm ar cheol na linne | | | X |
| | Féachfaidh RTÉ Radio 1 agus RTÉ RnaG le léiriúcháin neamhspleácha a fhorbairt agus a chraoladh i gcomhar lena chéile | | X | |
| | Déanfaidh RTÉ Radio 1 tástáil phíolótach ar thionscadal trascríbhneoireachta ar líne, i gcomhar le hOllscoil Uladh, a bheidh ceangailte le léiriúchán raidió. D'fhágfadh sin go bhféadfadh an lucht éisteachta an craoladh Gaeilge a léamh agus a aistriú de réir mar a bheadh gá acu leis | | X | |
| | Cruthóidh RTÉ RnaG comhpháirtíocht le Raidió na Life maidir le hábhar a bhabhtáil eatarthu | | X | |
| | Cruthófar aip faoi leith RTÉ RnaG do ghairis shoghluaiste, trína gcuirfear ábhar RTÉ RnaG chun cinn don lucht éisteachta in Éirinn agus thar lear, ábhar oideachais san áireamh | | X | |
| | Cruthófar agus cuirfear i bhfeidhm straitéis íomhánna craoltóireachta nua-aimseartha do RTÉ RnaG | X | | |
| | Fiosrófar comhpháirtíochtaí idir RTÉ RnaG agus lucht coimisiúnaithe teilifíse, ionas go ndéanfar sraitheanna iarthráchta raidió a fhorbairt | | X | |
| **Spórt** | **Beocht a chur as an nua sa chur chuige maidir le hábhar Spóirt** | | | |
| | Déanfar tástáil phíolótach ar rogha a thabhairt idir tráchtaireacht i nGaeilge nó i mBéarla ar chluichí ceannais Chraobh na hÉireann ar an teilifís, agus féachaint chuig seirbhís mar sin a chur ar fáil de réir a chéile i réimse chraoladh teilifíse na gcluichí Gaelacha | X | | |
| **Digiteach** | **Beocht a chur as an nua sa chur chuige maidir le hábhar Digiteach** | | | |
| | Forbrófar níos mó de lón breise digiteach, nuair is cuí, maidir le hábhar teilifíse Gaeilge a léirítear go hinmheánach nó go neamhspleách ar coimisiún | | X | agus ar lean |
| | Tabharfar tionscadail Ghaeilge isteach faoi shraitheanna d'ábhar digiteach atá beartaithe | | X | agus ar lean |




| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| **Oideachas & Caidreamh Seachtrach** | **Deiseanna oideachais a chur ar fáil don lucht éisteachta agus féachana reatha agus don lucht éisteachta agus féachana ionchais** | | | |
| **Corparáideach** | Forbrófar comhpháirtíochtaí agus tionscadail i gcomhar le heagrais agus le forais chun cur le húsáid na Gaeilge go hinmheánach agus go seachtrach | X | X | X |
| | Forbrófar cúrsa píolótach meán cumarsáide Gaeilge de chineál MOOC (Massive Open Online Course) do dhaltaí na hidirbhliana i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna | X | | |
| **Digiteach** | Forbrófar cúrsa Gaeilge ar líne do thosaitheoirí le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, atá leagtha amach go sainiúil ag lucht ollscoile agus a chuirfear ar fáil ar rte.ie/gaeilge. Leagfar an cúrsa amach do mhargadh na hÉireann agus don mhargadh idirnáisiúnta | | X | |
| | Forbrófar aip do ghairis shoghluaiste a bheidh dírithe ar fhoghlaimeoirí Gaeilge agus ábhar de chuid RTÉ in úsáid | | X | |
| | Forbrófar tionscadal foghlama le hOllscoil Uladh a bheidh dírithe ar fhoghlaimeoirí meánleibhéil agus ardleibhéil trína mbainfear úsáid as ábhar de chuid RTÉ RnaG arna thrascríobh agus arna nascadh le hábhar fuaime agus foclóra ar líne | | X | |
| | Cuirfear an cúrsa Gaeilge teilifíse Turas Teanga ar fáil ar an seinnteoir RTÉ Player | X | | |
| | Beidh leagan amach agus cur i láthair nua ag cúrsa Gaeilge ar líne RTÉ, Easy Irish, mar chúrsa teanga ar líne ar furasta é a thapú | | X | |
| | Breathnófar ar chúrsa dírithe ar fhoghlaimeoirí ardleibhéil agus ar chainteoirí líofa a fhorbairt le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh trí chartlann RTÉ RnaG a úsáid | | | X |
| **Television** | Déanfaidh RTÉjr tionscadal maidir le hábhar dhigiteach Ghaeilge a fhorbairt a bheidh dírithe ar leanaí | | | X |

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| **Nuacht** | **An Ghaeilge a bheith ina cuid dhílis den ábhar Nuachta** | | | |
| | Cinnteofar go gclúdófar scéalta náisiúnta a bhaineann leis an nGaeilge | X | | |
| | Breathnófar ar mhíreanna a bhaineann leis an nGaeilge a fhorbairt ar Nationwide | | X | agus ar lean |
| | Breathnófar ar mhíreanna Gaeilge a úsáid i rith fheasacháin Bhéarla, nuair is cuí | | X | |
| | Beidh gné Ghaeilge ag baint le himeachtaí Stáit de réir réamhshocraithe | X | | |

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| **Lárnach** | **Cúrsaí Cartlainne & Taighde Craoltóireachta** | | | |
| **Lucht Féachana & Éisteachta** | Cruthófar córas bailithe sonraí cruinn beacht do RTÉ RnaG agus do chraoltóireacht eile i nGaeilge | | X | agus ar lean |
| **Cartlann** | Forbrófar tionscadail chartlainne Gaeilge, i gcomhar le comhpháirtíochtaí seachtracha | | X | agus ar lean |
| | Forbrófar tionscadal bunaithe ar chartlann RTÉ RnaG i gcomhar le Taisclann Dhigiteach na hÉireann, ionas go gceanglófar bailiúchán RTÉ RnaG i gCartlann RTÉ le cartlanna digiteacha eile agus go mbeidh sé ar fáil don phobal | | X | |



### Sprioc 3: Timpeallacht bhríomhar a chothú inar féidir ábhar Gaeilge a chruthú, an tairbhe is fearr a bhaint as cumas, éirim agus samhlaíocht na mball foirne a bhfuil Gaeilge acu

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| Central | **Cur leis an gcumas Gaeilge ar fud RTÉ** | | | |
| | Déanfar iniúchadh ar na scileanna teanga ar fud RTÉ<br>Tabharfar cuireadh do bhaill foirne a theacht ar phainéal daoine atá sásta oibriú ar ábhar Gaeilge nó cúnamh a thabhairt leis | X | | |
| | Breathnófar ar lárionad barr feabhais a fhorbairt in oiliúint agus forbairt dhaoine sna meáin chumarsáide Ghaeilge trí shocrú foirmeálta a dhéanamh le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh | | | X |
| | Cuirfear córas i bhfeidhm ionas go mbeidh cúnamh taca ó thaobh na Gaeilge ag láithreoirí/bolscairí trí leathanach acmhainní a chur ar fáil ar líne, go hinmheánach, chomh maith le cúnamh taca beo i leith na teanga | X | agus ar lean | |
| | Aithneofar eolas ar an nGaeilge mar bhuntáiste i ndáil le ceapacháin cuí | X | agus ar lean | |
| | Cruthófar ról taithí fada oibre in RTÉ maidir le réimse na Gaeilge | X | | |
| | Cuirfear seisiún comhrá Gaeilge ar bun don fhoireann gach seachtain | X | agus ar lean | |
| | Leagfar amach clár oiliúna sa teanga leis an Rannóg Oiliúna maidir le daoine de gach leibhéal cumais | | X | agus ar lean |
| | Beifear ag díriú ar an sprioc a bhaint amach go mbeadh ar a laghad aon bhall foirne amháin i ngach réimse den eagraíocht a bheadh in ann oibriú go réidh sa dá theanga | | | X |
| | Beidh áiteanna faoi leith ar fáil arís ar chúrsaí oiliúna do Léiritheoirí Stiúrthóirí do dhaoine atá ábalta oibriú trí Ghaeilge | | X | agus ar lean |
| | Bainfidh gné feasachta teanga le cúrsaí fada oiliúna eagarthóireachta (m.sh. oiliúint ar an léiritheoir cúnta) | | X | agus ar lean |

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| AD | **Deiseanna a thabhairt don lucht foirne Gaeilge oibriú ar fud ardáin éagsúla** | | | |
| | Cruthófar deiseanna ar fud ardáin éagsúla agus ar fud rannóga gnó éagsúla do bhaill foirne le Gaeilge ar mian leo na deiseanna sin a thapú | X | agus ar lean | |
| | Beidh deis ag baill foirne, ar mian leo oibriú trí Ghaeilge agus cleachtadh agus scileanna maidir le réimsí éagsúla a ghnóthú, oibriú ar iasacht in RTÉ RnaG, Nuacht RTÉ agus le craoltóirí eile | | X | agus ar lean |

| Réimse | Gníomhaíocht | Bliain 1 | Bl 2-3 | Bl 4-5 |
|---|---|---|---|---|
| Teilifís & Raidió | **Foroiliúint Foirne** | | | |
| | Cuirfear oiliúint féincheamradóireachta agus féineagarthóireachta ar fáil d'fhoireann Chláracha Gaeilge, agus tabharfar deis dóibh díreach ina dhiaidh sin an oiliúint a fuair siad a chur ag obair sa timpeallacht oibre | | X | |
| | Cuirfear oiliúint ar fáil maidir le hathúsáid ábhair (e.g. digiteach) agus maidir le hábhar a chruthú do shuíomh idirlín Gaeilge agus do na meáin shóisialta | | X | |
| | Cuirfear oiliúint ar fáil don fhoireann raidió agus teilifíse maidir le hábhar saibhir do na meáin shóisialta a chruthú chun aird bhreise a tharraingt ar ábhar féinbholscaireachta | | X | |
| | Déanfar forbairt ar chumas daoine a bheadh os comhair ceamara do léiriúcháin neamhspleácha | X | | |
| | Déanfar forbairt ar chumas daoine a bheadh os comhair ceamara do léiriúcháin inmheánacha | X | | |

# AN COMHTHÉACS STRAITÉISEACH

### Tuarascáil Ghrúpa Oibre RTÉ ar an nGaeilge 2014

Ba é a leagadh ar an nGrúpa Oibre moltaí a chur chun cinn faoi pholasaí i leith chraoltóireacht trí Ghaeilge ar fud ardáin agus sheirbhísí uile RTÉ. Foilsíodh tuarascáil mhionsonraithe luath sa bhliain 2014 ina leagtar amach moltaí sonracha maidir le:

- Lucht Féachana agus Éisteachta, Ábhar, Meáin Dhigiteacha agus Aitheantas maidir le Seirbhís Phoiblí
- Cur i bhFeidhm, Caidreamh a Chothú agus Anailís

Is é an moladh lárnach maidir le cúrsaí craoltóireachta sa tuarascáil gur gá do RTÉ cur chuige an dátheangachais a thapú níos mó, nó normálú a dhéanamh ar an teanga mar a luaitear ina leith sin i Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge.

> *"Ba chóir tionscnamh leanúnach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, chun úsáid rialta na Gaeilge a chomhtháthú an athuair mar chuid de chur chuige a bheadh níos dátheangaí ar fud na n-ardán agus na sceideal uile, is sin á threisiú ag tacaíocht ceannasaíocht chuí agus ag tacaíocht foirne."*
> **Tuarascáil Ghrúpa Oibre RTÉ ar an nGaeilge**

> *"Déanfaidh RTÉ, an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, normalú ar úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ina gcuid craoltaí, rud a chuirfidh le rath Sheachtain na Gaeilge."*
> **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030**

Tá spriocanna an phlean gníomhaíochta seo ag teacht le príomh-mholtaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre agus tá moltaí áirithe tugtha isteach faoi thionscadail agus faoi phleananna faoi leith a bheifear a thabhairt i gcrích i rith na gcúig bliana seo romhainn.

### Raidió

#### *RTÉ Raidió na Gaeltachta*

Is é a leagtar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta seirbhís raidió náisiúnta i nGaeilge a chur ar fáil. Cuirtear nuacht agus cúrsaí reatha idirnáisiúnta, náisiúnta agus Gaeltachta ar fáil, chomh maith le hábhar siamsaíochta, spóirt, ealaíon agus ceoil, agus gnéchláir. Ar chuid mhór bealaí, tá RTÉ RnaG ar aon dul ó thaobh ábhair agus caighdeáin le RTÉ Radio 1. Tá feidhm cultúir agus teanga leis an tseirbhís a fhágann gur seirbhís ar leithligh í ó gach seirbhís raidió eile in Éirinn.

I mí Mheán Fómhair 2014, thosaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta ar fheasacháin nuachta Gaeilge a chur ar fáil do RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus RTÉ lyric fm. Thosaigh an tseirbhís freisin ar chomhpháirtíocht nua i mí an Mheithimh 2014 le Raidió Rí-Rá chun cláracha de cheol na gcairteanna a chur ar fáil i nGaeilge do dhaoine óga.

Ag a 8 i.n. ar an Satharn, craolann RTÉ Radio 1 uair an chloig d'ábhar cláir ó RnaG, An Scoth. Tá ardú suntasach tagtha ar an lucht éisteachta don tráth sin, ó 12,000 sa bhliain 2010 go dtí 20,000 sa bhliain 2014. Is iondúil go dtagann *Céilí House*, clár ceoil traidisiúnta díreach ina dhiaidh.

Rinne RTÉ 2fm seó Gaeilge a chraoladh le gairid idir 8 i.n. agus 10 i.n. tráthnóna Dé Domhnaigh. Eoghan Mac Diarmada a chuir an clár i láthair.

### Nuacht RTÉ

Cuireann foireann Nuachta ilmheán RTÉ ábhar clár nuachta ar fáil ar RTÉ One, ar RTÉ News Now agus ar TG4, chomh maith le cur le feasacháin Nuachta ar an raidió a chuireann RTÉ Raidió na Gaeltachta ar fáil.

Cuireann RTÉ feasacháin nuachta laethúla Ghaeilge ar an teilifís ar fáil, *Nuacht*, ar RTÉ One ag 5.40 i.n. (meánsciar 8%, c 65,000 de lucht féachana) agus ar TG4 ag 7.00 i.n. (meánsciar 0.6%, 7,000 de lucht féachana).

Sheol RTÉ feasachán nua 5-10 nóiméad den *Nuacht* ar RTÉ News Now, seirbhís nuachta ilmheán RTÉ i rith na bliana 2013 agus thosaigh Nuacht RTÉ ag cur seirbhís nuachta nua ar líne ar fáil i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta i rith na bliana 2014.

Cuireann RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Nuacht RTÉ seirbhísí den scoth ar fáil do chainteoirí dúchais ar sheirbhísí sainiúla. Le hathstruchtúrú a rinneadh le gairid, tá comhoibriú níos fearr idir an dá sheirbhís, rud a bhfuil seirbhís níos fearr ar líne agus ar an raidió dá bharr. Is eiseamláir sin den bhuntáiste agus den deis atá i gceist le níos mó den obair i gcomhar i measc ár gcuid seirbhísí - buanna teanga lucht foirne RTÉ RnaG agus Nuacht RTÉ a úsáid chun dul i gcion ar lucht féachana agus éisteachta níos leithne leis an ábhar Gaeilge.




Tá feidhm cultúir agus teanga le Raidió na Gaeltachta a fhágann gur seirbhís ar leithligh í ó gach seirbhís raidió eile in Éirinn.



## RTÉjr

Is seirbhís nuálach ilardáin do leanaí é RTÉjr lena ngabhann cainéal teilifíse saor ó fhógraíocht, cainéal raidió digiteach, suíomh idirlín agus aip do ghairis shoghluaiste dírithe ar dhaoine faoi bhun seacht mbliana d'aois. Déanann RTÉjr an Ghaeilge a fhí isteach sna sceidil do leanaí, trí choimisiúnú a dhéanamh ar ábhar bunléiriúcháin Gaeilge agus trí chur chuige an dátheangachais a leanúint go nádúrtha i sraitheanna eile. Bíonn an Ghaeilge freisin i míreanna leanúnchais, in ábhar idir cláracha agus in amhrán an chainéil, rud a fhágann go mbíonn an Ghaeilge á cur i láthair go nádúrtha ar feadh an lae. Craoladh 33.5 uair an chloig i nGaeilge ar RTÉjr i rith na bliana 2014, chomh maith le 118 uair an chloig d'ábhar dátheangach.

## Teilifís

Déanann RTÉ léiriú nó comhléiriú ar méid áirithe uaireanta an chloig d'ábhar cláir i nGaeilge. Craoltar an chuid is mó de na cláracha le linn buaicthráthanna ar RTÉ One. I rith na bliana 2013, craoladh 15.5 uair an chloig de chláracha Gaeilge ar RTÉ, clár drámaíochta Gaeilge ina measc. Rinne páirtithe seachtracha cómhaoiniú ar níos mó ná leath de na cláracha. I rith na bliana 2014, craoladh 13 uair an chloig de chláracha Gaeilge ar RTÉ, agus bhí maoiniú ón tríú páirtí nó comhléiriúchán i gceist le sé cinn. I measc na gclár inmheánach a craoladh, bhí na sraitheanna *Abhainn*, *Gliondar*, *Cloch Le Carn* agus *Scannal;* bhí cláracha faisnéise aon uaire de leithéid *Ó Chúil Aodha go hOileán Í* agus na sraitheanna *Guth na nGael* agus *Deirfiúracha na hEolaíochta* i measc na dtionscadal a raibh maoiniú seachtrach i gceist leo. Níl aon chaiteachas coimisiúnaithe ar leith leagtha amach ag RTÉ do Chláracha Gaeilge Teilifíse coimisiúnaithe.

227,000 duine an meánlíon lucht féachana a fhéachann ar an gclár Gaeilge sa sceideal ag 7.30 i.n. ar an Luan ar RTÉ One, sciar 15% den lucht féachana. Tá cláracha áirithe, mar shampla *Cé a Chónaigh i Mo Theachsa*, ábalta lucht féachana chomh mór le 302,000 duine agus sciar 21% a tharraingt.

Cuireann foireann inmheánach Cláracha Gaeilge Teilifíse tuairim is seacht n-uaire an chloig d'ábhar ar fáil do sceideal RTÉ One gach bliain. Foireann bheag atá i gceist a bhfuil taithí mhaith acu. Ó thaobh cúrsaí eagarthóireachta, bíonn claonadh an bhreathnú siar san ábhar agus déantar ceamaradóireacht aonair ar an láthair i ngach cás. Seachas corr eisceacht, ní bhíonn láithreoirí/tuairisceoirí le feiceáil ar an scáileán agus tá cuid mhór de na sraitheanna ar siúl le tamall maith.

## Digiteach

Tá cláracha Gaeilge agus seirbhísí Gaeilge uile RTÉ ar fáil ag daoine ar fud an domhain trí sheirbhísí ar líne agus trí sheirbhísí ghairis shoghluaiste RTÉ – RTÉ.ie, RTÉ Player, RTÉ Player International, RTÉ Radio Player agus RTÉ News Now.

Chuir RTÉ seirbhís chuimsitheach nuachta ar líne nua ar fáil i nGaeilge i mí Mheán Fómhair 2014, le seirbhís iomlán de nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta, curtha i láthair mar chuid de shuíomh idirlín athdheartha Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ, agus in aip nuachóirithe RTÉ News Now, chomh maith le nuacht réigiúnach ar shuíomh idirlín RTÉ RnaG. Ba í an tseirbhís nua nuachta ar líne i nGaeilge an chéad cheann dá cineál agus tá sí á cur ar fáil i gcomhar ag foireann Nuacht RTÉ agus ag foireann nuachta RTÉ RnaG.


Go dtí seo i mbliana, ceadaíodh 238,000 leathanach in aghaidh na míosa ar an meán ar sheirbhís ar líne Nuacht RTÉ, le 40,000

léitheoir faoi leith in aghaidh na míosa. Tagann 92% de lucht a cheadaithe ó Aip RTÉ News Now. Maidir le suíomh idirlín RTÉ Raidió na Gaeltachta, ceadaíodh 59k leathanach in aghaidh na míosa ar an meán le bliain anuas, le 14k léitheoir éagsúil.


### Tuairimí an Lucht Féachana agus Éisteachta

Rinneadh suirbhé gairid trí Phainéal Frithfhreagra RTÉ i rith mhí Aibreáin 2015. Fiafraíodh den lucht féachana cé chomh minic agus a bhreathnaíonn siad (1) ar chláracha Gaeilge, agus (2) ar chláracha dátheangacha Gaeilge agus Béarla. Thug aon trian le fios go mbreathnaíonn siad ar chláracha Gaeilge agus a leath go mbreathnaíonn siad ar chláracha dátheangacha, anois agus arís ar a laghad.

CLÁRACHA GAEILGE





CLÁRACHA DÁTHEANGACHA




Cairteanna: A rialta a bhreathnaítear ar chláracha Gaeilge agus ar chláracha dátheangacha

Nuair a iarradh ráta a lua le caighdeán chláracha Gaeilge RTÉ, rátáil 41% go dearfach é.

AN CAIGHDÉAN A BHRAITEAR LE CLÁRACHA TEILIFÍS GAEILGE RTÉ




Cairt: Caighdeán Chláracha RTÉ

### Dualgais Reachtúla agus Rialála

Leagtar amach dualgais RTÉ faoin dlí san Acht Craolacháin 2009 ina luaitear gur gá do RTÉ réimse cuimsitheach clár a chraoladh, i mBéarla agus i nGaeilge, ina gcuirtear an iléagsúlacht cultúir ar oileán na hÉireann i láthair. Leagtar de fhreagracht go sonrach ar RTÉ cláracha nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Anuas air sin, tá dlite ar RTÉ tuairisc a thabhairt maidir leis na cláracha Gaeilge a chuirtear ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí sa Tuarascáil Bhliantúil agus sa Ráiteas Bliantúil maidir le Gealltanais Feidhmíochta.

Tá de dhualgas ar RTÉ freisin faoin dlí uair an chloig d'ábhar clár in aghaidh na seachtaine a chur ar fáil do TG4.

### *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*

Leagtar freagracht ar RTÉ faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge aidhmeanna áirithe a thabhairt i gcrích:

- Déanfaidh RTÉ, an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, normalú ar úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ina gcuid craoltaí, rud a chuirfidh le rath Sheachtain na Gaeilge.
- Leanfaidh RTÉ den bhonn taca a chur faoi Raidió na Gaeltachta agus dá fhorbairt ionas go mbíonn réimse leathan de chláracha ardchaighdeáin á gcur ar fáil do na daoine sin sna pobail ina n-éistear leis an tseirbhís sin.
- Cúram maidir le cur chun cinn na litríochta a thabhairt chun cinn i gcomhar idir RTÉ agus TG4, agus ról tábhachtach ag gradaim litríochta, cláracha faoi leabhair, próifílí údair a chur i láthair agus cur lena gcuid feiceálachta agus a stádas sna meáin, agus ceangal níos dlúithe a chothú idir scríbhneoireacht do na meáin agus foilsitheoireacht leabhar mar bhearta "a théann le chéile".

Go dtí seo i mbliana, ceadaíodh 238,000 leathanach in aghaidh na míosa ar an meán ar láithreán na Nuachta.


## Cúrsaí Foirne, Córais agus Maoinithe

Tá an laghdú ar líon na foirne ar fud RTÉ le blianta beaga anuas le brath go mór sna réimsí a bhaineann le craoltóireacht i nGaeilge, agus fuarú tagtha ar leibhéal an chumais Gaeilge ar fud na heagraíochta. D'fhág fostaithe a raibh cumas Gaeilge iontu leis na pacáistí don iomarcaíocht dheonach agus don luathscor le tamall anuas. Earcaíodh na hiarfhostaithe sin tráth a mbíodh eolas ar an nGaeilge á lua mar choinníoll sonrach ag an eagraíocht. Ó tharla nach sonraítear an riachtanas sin níos mó, tá an scéal maidir le hacmhainn Gaeilge na heagraíochta cuid mhaith níos measa anois ná mar a bhí deich mbliana ó shin nó fiú amháin cúig bliana ó shin.


Mar chuid d'obair an Ghrúpa Oibre ar an nGaeilge, rinneadh suirbhé maidir leis an nGaeilge ar feadh coicíse i mí Mheán Fómhair 2013. Ba é an aidhm a bhí leis an suirbhé cuidiú le tuiscint níos fearr a fháil ar acmhainn RTÉ feidhmiú go dhátheangach.

684 duine ar fad a ghlac páirt sa suirbhé, 522 (76%) a d'fhreagair i mBéarla agus 162 (24%) a d'fhreagair i nGaeilge.

AN LÍOFACHT A ÁITÍTEAR SA GHAEILGE LABHARTHA




AN LÍOFACHT A ÁITÍTEAR SA GHAEILGE SCRÍOFA




Sa fhreagra ar an gceist maidir le leibhéal a gcuid Gaeilge labhartha, dheimhnigh 23% de na daoine go raibh siad líofa, agus luaigh 16% gur ar leibhéal an chomhrá a bhí a gcuid Gaeilge féin. Bhí leibhéal na Gaeilge scríofa idir caighdeán ardleibhéil (15%) agus caighdeán bunúsach (51%).

Dhearbhaigh mórchuid na bhfreagróirí, 69%, nach raibh Gaeilge in úsáid acu i ngnáthdhéanamh na hoibre dóibh.

Luaigh beagnach leath na bhfreagróirí tuairimí breise, i mBéarla nó i nGaeilge. Bhí an chuid is mó de na tuairimí fabhrach agus ba é an téama ba mhinice a tháinig chun cinn iarratas go gcuirfí cúrsaí Gaeilge ar bun chomh maith le ranganna comhrá ag am lóin nó sa tráthnóna ionas go mbeidís áisiúil ag lucht uainoibre. I measc tuairimí eile a luadh, bhí fonn níos mó Gaeilge a fheiceáil in úsáid ar an gcóras ar líne inmheánach agus ar chomharthaí in RTÉ.

Chaith RTÉ €21.3 milliún ar ábhar Gaeilge ar fud na seirbhísí ar fad agus ar dhualgais éagsúla i rith na bliana 2014.